Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2026)0235

Iarraidh ar dhíolúine Klára Dobrev a tharscaoileadh

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Iúil 2026 maidir leis an iarraidh ar dhíolúine Klára Dobrev a tharscaoileadh (2026/2010(IMM))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don iarraidh ar dhíolúine Klára Dobrev a tharscaoileadh, a thíolaic Cúirt Dúiche Bhúdaipeist II agus III an 5 Nollaig 2025 i dtaca le himeachtaí coiriúla a tionscnaíodh ina coinne trí thairiscint phríobháideach , agus a fógraíodh sa Pharlaimint an 19 Eanáir 2026,

– tar éis di éisteacht a thabhairt do Klára Dobrev an 5 Bealtaine 2026 i gcomhréir le Riail 9(6) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint d'Airteagail 8 agus 9 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, agus d'Airteagal 6(2) d'Ionstraim an 20 Meán Fómhair 1976 maidir le toghadh Fheisirí Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach,

– ag féachaint do na breithiúnais a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 21 Deireadh Fómhair 2008, an 19 Márta 2010, an 6 Meán Fómhair 2011, an 17 Eanáir 2013 agus an 19 Nollaig 2019[1],

– ag féachaint d'Airteagal 4(2) de Dhlí Bunúsach na hUngáire,

---

[1] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Deireadh Fómhair 2008, *Marra* v *De Gregorio agus Clemente*, C-200/07 agus C-201/07, ECLI:EU:C:2008:579; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 19 Márta 2010, *Gollnisch* v *Parlaimint*, T-42/06, ECLI:EU:T:2010:102; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Meán Fómhair 2011, *Patriciello*, C-163/10, ECLI: AE:C:2011:543; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 17 Eanáir 2013, *Gollnisch* v *Parlaimint*, T-346/11 agus T-347/11, ECLI:EU:T:2013:23; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Nollaig 2019, *Junqueras Vies*, C-502/19, ECLI:EU:C:2019:1115.

– ag féachaint do Riail 5(2), Riail 6(1) agus Riail 9 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A10-0190/2026),

A. de bhrí, an 5 Nollaig 2025, gur thíolaic Cúirt Dúiche Bhúdaipeist II agus III iarraidh ar tharscaoileadh dhíolúine Klára Dobrev, Feisire de Pharlaimint na hEorpa arna thoghadh san Ungáir, i gcomhthéacs imeachtaí coiriúla mar gheall ar chlúmhilleadh arna dtionscnamh ina coinne ag páirtí ionchúisimh príobháideach, i ndáil le cion líomhnaithe a tharla an 3 Deireadh Fómhair 2023;

B. de bhrí, de réir na hiarrata, an 4 Samhain 2025, go ndearna Aireacht Cultúir agus Nuálaíochta na hUngáire, arna hionadú ag an Aire Cultúir agus Nuálaíochta an tráth sin, an Dr Balázs Zoltán Hankó, mar pháirtí ionchúisimh príobháideach, gearán i gcoinne Klára Dobrev i leith chion an chlúmhillte ar bhonn ráiteas a líomhnaítear a rinneadh an 3 Deireadh Fómhair 2023 le linn preasagallamh ar líne ar na meáin shóisialta agus ar shuíomhanna gréasáin idirlín faoin teideal ‘Tá freagraí uainn faoin oiliúint feasachta státmhaoinithe do shagairtí péidifileacha! Cé mhéad sagart péidifileach a fuair na milliúin ón stát le haghaidh oiliúint gnéasoideachais? Tá freagraí uainn ó Balázs Hankó agus Zsolt Semjén! Féach ar an bpreasagallamh beo atá againn faoin scannal!’; de bhrí gur mheas Aireacht Chultúir agus Nuálaíochta na hUngáire go raibh na ráitis sin an-mhaslach agus go raibh siad in ann an bonn a bhaint de mheas na hAireachta sa tsochaí;

C. de bhrí, trí na ráitis sin a dhéanamh, go líomhnaítear go ndearna Klára Dobrev cion an chlúmhillte os comhair an phobail i gcoitinne de bhun Airteagal 226(1) agus Airteagal 226(2), pointe (b), d’Acht C 2012 maidir le Cód Coiriúil na hUngáire; de bhrí, de bhun Airteagal 231(2) de Chód Coiriúil na hUngáire, nach bhféidir an cion sin a phionósú ach amháin i gcomhthéacs tairiscint phríobháideach;

D. de bhrí gurb é is cuspóir don díolúine dá bhforáiltear i bPrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh an Pharlaimint agus a Feisirí a chosaint ar imeachtaí dlíthiúla i ndáil le gníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhlíonadh dualgas parlaiminteach agus nach féidir í a scaradh ó na dualgais sin;

E. de bhrí, de bhun Riail 5(2) de na Rialacha Nós Imeachta, agus a cumhachtaí maidir le pribhléidí agus díolúintí á bhfeidhmiú aici, go bhféachfaidh an Pharlaimint lena hiomláine mar thionól reachtach daonlathach a chaomhnú agus chun neamhspleáchas a Feisirí a áirithiú le linn dóibh a ndualgais a chomhlíonadh;

F. de bhrí gur toghadh Klára Dobrev chuig Parlaimint na hEorpa sna toghcháin Eorpacha i mí na Bealtaine 2019 agus gur atoghadh í i mí an Mheithimh 2024 agus, dá bhrí sin, go raibh sé ina Fheisire de

Pharlaimint na hEorpa tráth an chiona líomhnaithe;

G. de bhrí go bhforáiltear in Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh nach bhfuil Feisirí Pharlaimint na hEorpa inchurtha faoi aon saghas fiosrúcháin, coinneála ná imeachtaí dlíthiúla i leith tuairimí a nocht siad nó vótaí a chaith siad ag comhlíonadh a ndualgas dóibh;

H. de bhrí nach ionann an cion líomhnaithe, agus nach bhfuil baint ag an iarraidh dá éis sin ar dhíolúine Klára Dobrev a tharscaoileadh, le tuairim a thug ná le vóta a chaith sí agus a dualgais á gcomhlíonadh aici de réir bhrí Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh;

I. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 9, an chéad mhír, pointe (a), de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, le linn sheisiúin Pharlaimint na hEorpa, go dteachtfaidh a Feisirí, i gcríoch a Stáit féin, na díolúintí a thugtar do chomhaltaí pharlaimint a mBallstáit féin;

J. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 4(2) de Dhlí Bunúsach na hUngáire go dteachtann teachtaí Pharlaimint na hUngáire díolúine pharlaiminteach; de bhrí, de bhun Roinn 74(1) d'Acht Uimh. XXXVI de 2012 maidir leis an Tionól Náisiúnta, ní féidir imeachtaí coiriúla nó, i gcás ina ndiúltaítear díolúine a tharscaoileadh go deonach sa chás i dtrácht, imeachtaí sáraithe a thionscnamh ná a ionchúiseamh, agus ní féidir Feisire de Pharlaimint na hEorpa a bheith faoi réir bearta coiriúla ceangailteacha faoin nós imeachta coiriúla gan toiliú roimh ré ón Tionól Náisiúnta;

K. de bhrí, tráth na bhfíoras ba chúis leis an iarraidh ar tharscaoileadh a díolúine, gur measadh gur cáinteoir mór le rá agus neamhbhalbh í Klára Dobrev ar iar-Rialtas na hUngáire, agus go ndearna sí a bheartais agus a ghníomhaíochtaí a cháineadh go comhsheasmhach, lena n-áirítear, go háirithe, scannal ardphróifíle na péidifilia a raibh baint ag figiúirí leis na húdaráis pholaitiúla rialaithe; de bhrí go raibh an pháirtí ionchúisimh príobháideach mar chuid d'iarrialtas na hUngáire; de bhrí go ndealraíonn sé faoi dhlí na hUngáire gur féidir éilimh chlúmhillte a thionscnamh ar bhonn an dlí choiriúil agus an dlí shibhialta araon, agus go bhfuil difríochtaí suntasacha sna hiarmhairtí dlíthiúla comhfhreagracha a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear príosúnacht; de bhrí, dá bhrí sin, sa chás seo, go gcuireann an cinneadh chun caingean choiriúil a thionscnamh amhras ar an gcuspóir díobháil iarbhír do chlú a cheartú agus ag moladh go sáródh aidhm na n-imeachtaí an cuspóir dlisteanach sin, arb é is aidhm dó, ina ionad sin, dochar a dhéanamh do chlú Klára Dobrev mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa; de bhrí, dá bhrí sin, go n-ardaíonn uainiú, comhthéacs agus cineál an ionchúisimh, lena n-áirítear cleamhnacht pholaitiúil an pháirtí ionchúisimh phríobháidigh agus a ról mar Aire, agus úsáid roghnaitheach an dlí choiriúil thar an

dlí sibhialta, amhras tromchúiseach i dteannta a chéile maidir le spreagadh polaitiúil na n-imeachtaí ar a raibh an iarraidh bunaithe;

L. de bhrí go ndealraíonn sé, dá bhrí sin, sa chás seo, gur féidir glacadh leis go bhfuil *fumus persecutionis* ann, i.e., gurb é an rún is bun leis na himeachtaí dlíthiúla dochar a dhéanamh do ghníomhaíocht pholaitiúil Klára Dobrev mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa agus, dá bhrí sin, do neamhspleáchas na Parlaiminte;

M. de bhrí nach féidir le Parlaimint na hEorpa ról cúirte a ghlacadh uirthi féin, agus nach féidir, i nós imeachta um dhíolúine a tharscaoileadh, Feisire a mheas mar chosantóir[2];

1. á chinneadh gan díolúine Klára Dobrev a tharscaoileadh;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus tuarascáil a coiste fhreagraigh a chur ar aghaidh láithreach chuig údarás inniúil na hUngáire agus chuig Klára Dobrev.

---

[2] breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 30 Aibreán 2019, *Briois* v *Parlaimint*, T-214/18, ECLI:EU:T:2019:266;